Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**16833/2/24**
**REV 2 (bg, cs, da, el, es, et, ga, hr, hu, it, lv, lt, pt, sk, sl, sv)**

**JAI 1865**
**ASILE 129**
**MIGR 461**
**FRONT 339**
**HYBRID 154**
**RELEX 1606**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 570 final/2 |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha a eascraíonn as an imirce a bheith á húsáid mar uirlis troda agus an tslándáil a neartú ag teorainneacha seachtracha an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 570 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2024) 570 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.1.2025
COM(2024) 570 final/2

CORRIGENDUM
This document corrects document COM(2024) 570 of 11.12.2024
Minor adjustment to the cover page.
The text shall read as follows:

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha a eascraíonn as an imirce a bheith á húsáid mar uirlis troda agus an tslándáil a neartú ag teorainneacha seachtracha an Aontais

**Teachtaireacht maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha a eascraíonn as an imirce a bheith á húsáid mar uirlis troda agus an tslándáil a neartú ag teorainneacha seachtracha an Aontais**

## 1. Na dúshláin ag teorainneacha seachtracha talún an Aontais leis an Rúis agus leis an mBealarúis agus an bhagairt ar shlándáil an Aontais

Le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar líon na ngníomhaíochtaí mailíseacha atá dírithe ar an Aontas Eorpach ina mbaintear leas míchuí as an nascacht dhomhanda, slabhraí soláthair, spleáchais eacnamaíocha, bealaí éalaithe dlíthiúla, agus oscailteacht ár sochaithe daonlathacha. Tá foirmeacha sofaisticiúla ag na gníomhaíochtaí sin amhail gníomhartha sabaitéireachta nó cibirionsaithe chun cur isteach ar líonraí eacnamaíocha, fuinnimh nó iompair chomh maith le hionramháil eachtrach ar fhaisnéis agus cur isteach eachtrach ar phróisis pholaitiúla, rud a léiríonn go bhfuil dánacht na n-ionsaithe hibrideacha sin ag dul i méid. Tá bearta déanta ag an Aontas chun cur lena ullmhacht agus lena athléimneacht agus tá an Coimisiún réidh le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh i réimsí éagsúla.

Sna conclúidí uaithi i mí Dheireadh Fómhair 2024, chuir an Chomhairle Eorpach i dtábhacht nach féidir ceadú leis an Rúis ná leis an mBealarúis ná le haon tír eile mí-úsáid a bhaint as ár luachanna, an ceart chun tearmainn san áireamh, ná an bonn a bhaint dár ndaonlathais. Léirigh an Chomhairle Eorpach dlúthpháirtíocht leis an bPolainn agus le Ballstáit eile a bhfuil na dúshláin sin rompu agus chuir sí in iúl go bhfuil sí tiomanta rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais a áirithiú trí bhíthin gach modha atá ar fáil, lena n-áirítear trí thacaíocht ón Aontas Eorpach, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta. Thug an Chomhairle Eorpach le fios go n-éilíonn staideanna eisceachtúla bearta iomchuí ([1]). I mí na Nollag 2023, bhí na hionsaithe hibrideacha uile cáinte cheana féin ag an gComhairle Eorpach, ina measc sin imircigh a bheith á n-ionstraimiú ag tríú tíortha ar son cuspóirí polaitiúla, agus chuir sí in iúl go bhfuil an tAontas tiomanta dul i gcoinne aon ionsaí den sórt sin arb iad an Rúis nó an Bhealarúis is cúis leis ([2]). Díríonn an Teachtaireacht seo ar theorainneacha seachtracha an Aontais leis an Rúis agus leis an mBealarúis, ach is féidir na breithnithe a leagtar amach inti a chur i bhfeidhm in áiteanna eile má tá údar cuí leis sin mar gheall ar na himthosca sonracha.

Ó bhí mí Feabhra 2022 ann, lena fogha míleata in aghaidh na hÚcráine, tá mórshárú á dhéanamh ag an Rúis ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe ([3]), agus í ag baint an bonn de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. Cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, is ionann sin agus ionsaí ar luachanna an daonlathais, an smachta reachta agus na gceart bunúsach freisin. Níl an Rúis ag gníomhú ina haonar. Is minic a thug an Bhealarúis cabhair agus tacaíocht chinntitheach don Rúis ina cuid gníomhaíochtaí. Is amhlaidh an cás go sonrach ó forchuireadh smachtbhannaí ar réimeas Lukashenka tar éis na dtoghchán uachtaráin calaoiseach in 2020. An tráth sin, sheol an Bhealarúis, le tacaíocht ón Rúis, oibríocht chun bealach imirce bréagach a chruthú trína

([1]) Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 17.10.24, EUCO 24/25, mír. 38.
([2]) Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 15.12.23, EUCO 20/23, mír. 30.
([3])Rún ES-11/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, 1.3.2022, n2227227.pdf.

teorainneacha talún leis na Ballstáit, go háirithe an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn, chuig tíortha Eorpacha eile.

Ní hamháin gur thug gníomhaíochtaí na Rúise an cogadh ar ais chuig mór-roinn na hEorpa, tá mothú neamhdhiongbháilteachta agus éagobhsaíochta cruthaithe acu freisin. Tá sé sin treisithe mar gheall ar an ngéarú ar na gníomhaíochtaí gríosúcháin agus úsáid oirbhearta na cogaíochta hibridí, amhail an imirce a úsáid mar uirlis troda sa tslí go n-éascaíonn an Rúis agus an Bhealarúis, ar bhealach saorga agus go neamhdhleathach ([4]), sreabha imirce neamhrialta i dtreo theorainneacha seachtracha an Aontais. Baineann an Rúis agus an Bhealarúis leas míchuí as daoine, trína n-úsáid i ngníomh cogaíochta, gan aird a thabhairt ar a leochaileacht. Úsáideann an Rúis agus an Bhealarúis an chogaíocht hibrideach sin mar uirlis pholaitiúil chun ár sochaithe a dhíchobhsú agus é d'aidhm acu an bonn a bhaint d'aontacht an Aontais Eorpaigh. Ní hamháin go gcuireann sin slándáil agus ceannasacht náisiúnta na mBallstát i mbaol ach is bagairt é freisin do shábháilteacht agus sláine limistéar Schengen agus slándáil an Aontais ina iomláine. Nuair a úsáideann daoine foréigean in aghaidh gardaí teorann, go háirithe agus na daoine sin ag gníomhú i ngrúpa, rud a tharlaíonn uaireanta i gcomhthéacs daoine a bheith ag teacht isteach go neamhdhleathach san Aontas, is rud é sin a dhéanann an staid níos measa agus a bhfuil tionchar tromchúiseach aige ar shochaí an Aontais. Mar chuspóir deiridh, tá na gníomhaíochtaí a eagraíonn an Rúis agus an Bhealarúis beartaithe chun an tacaíocht a thugann an tAontas agus a Bhallstáit don Úcráin ina hiarrachtaí dlisteanacha féinchosanta a lagú.

Tá méadú nach beag ar imircigh neamhrialta ag teorainneacha na Bealarúise leis an Aontas i mbliana (méadú 66 % in 2024 le hais na tréimhse céanna in 2023), go háirithe ag an teorainn idir an Bhealarúis agus an Pholainn. Tá sé sin amhlaidh freisin toisc go bhfuil údaráis na Bealarúise ag éascú na dtrasnuithe, *i.e.* rochtain ar an limistéar teorann a údarú agus dréimirí agus gairis eile a thabhairt d'imircigh. Tá údaráis na Rúise ag éascú na ngluaiseachtaí sin ó tharla víosa mic léinn nó víosa thurasóireachta de chuid na Rúise a bheith ag 90 % de na himircigh a thrasnaíonn an teorainn idir an Bhealarúis agus an Pholainn go neamhdhleathach. Tugadh gnéithe den chineál céanna faoi deara in 2023 ag an teorainn idir an Rúis agus an Fhionlainn, ina raibh víosa bhailí Rúiseach i seilbh fhormhór na n-imirceach agus iarracht déanta acu cheana féin dul isteach san Aontas tríd an mBealarúis. An comhaontú a rinneadh le déanaí idir an Bhealarúis agus an Rúis maidir le haitheantas frithpháirteach do víosaí ([5]), is rud é sin a d'fhéadfadh gluaiseachtaí náisiúnach tríú tír a éascú idir an Rúis agus an Bhealarúis, iad siúd a bhfuil sé beartaithe acu dul trasna an teorainn chuig an Aontas san áireamh. Ina theannta sin, tá imní ann i gcónaí maidir leis an staid ag na codanna eile de theorainneacha an Aontais leis an Rúis agus leis an mBealarúis agus tá bagairtí leanúnacha ann a bhaineann le hionstraimiú na n-imirceach.

Chun slándáil an Aontais agus iomláine chríochach na mBallstát a áirithiú, is gá go mbeidh na Ballstáit a bhfuil teorainn acu leis an Rúis agus leis an mBealarúis in ann gníomhú go cinntitheach agus go daingean chun go mbeidh rialú éifeachtach acu ar theorainneacha seachtracha an Aontais. Tá sé de fhreagracht ar na Ballstáit an t-ord poiblí a chaomhnú agus an tslándáil inmheánach a chosaint laistigh dá gcríoch náisiúnta. Tá sé de dhualgas orthu freisin

([4]) Prótacal in aghaidh Imircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir nó san Aer, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta.
([5]) Daingníodh an comhaontú idir an Rúis agus an Bhealarúis i mí Feabhra 2023 agus bhí sé le teacht i bhfeidhm an 8 Nollaig 2024. Foráiltear leis gur féidir le heachtrannaigh a fuair víosa ón Rúis nó ón mBealarúis teorainneacha na tíre eile a thrasnú gan víosa bhreise a fháil.

na bearta uile is gá a dhéanamh chun na teorainneacha seachtracha a rialú agus a bhainistiú go héifeachtúil ar mhaithe le hardleibhéal slándála a áirithiú laistigh den Aontas mar a cheanglaítear le dlí an Aontais.

Is bunchlocha tábhachtacha iad an ceart chun tearmainn, an meas ar dhínit ar an duine, agus prionsabal an *non-refoulement*. Cuireann an dlí idirnáisiúnta agus dlí an Aontais ar a gcumas do na Ballstáit dul i ngleic go cinntitheach le staideanna inar gá an tslándáil agus an t-ord poiblí a dhaingniú agus urraim á tabhairt san am céanna do chearta aon duine a ndéanann na bearta sin difear dó. Ó tharla gur bagairt thromchúiseach ar shlándáil an Aontais agus ar iomláine chríochach na mBallstát atá i gceist agus gur bagairt í atá ann i gcónaí, féadfaidh na Ballstáit forálacha Conartha a agairt chun dul níos faide go heisceachtúil agus faoi choinníollacha dochta ná an méid dá bhforáiltear le reachtaíocht thánaisteach, agus faoi rialú na Cúirte Breithiúnais.

## 2. Freagairt bheartais agus tacaíocht oibríochtúil an Aontais

Rinne an tAontas Eorpach roinnt bearta chun cur i gcoinne ionstraimiú imirceach nuair a d'úsáid an Bhealarúis an cleachtas sin ag a teorainneacha leis an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn in 2021 agus nuair a d'úsáid an Rúis é ag a teorainn leis an bhFionlainn go háirithe. Sa bhreis ar thacaíocht láidir pholaitiúil, chuaigh an tAontas i mbun iarrachtaí airgeadais, oibriúcháin agus taidhleoireachta, lena n-áirítear leis an tíortha tionscnaimh agus idirthurais, chun freagairt éifeachtach a thabhairt.

Ós rud é gur minic go bhfuil ceangal idir ionstraimiú imirceach ag gníomhaithe naimhdeacha Stáit agus gníomhaíochtaí eagraíochtaí coiriúla agus smuigléirí imirceach, tugadh aghaidh ar an tsaincheist i bPlean Gníomhaíochta athnuaite an Aontais i gcoinne Smuigleáil Imirceach (2021-2025) ([6]). Thairis sin, sa togra reachtach le haghaidh treoir maidir le smuigleáil imirceach ([7]), mhol an Coimisiún cion nua a dhéanamh de ghríosú poiblí chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí smuigléirí a ghríosaíonn imircigh d'aon ghnó (lena n-áirítear i gcomhthéacs an ionstraimithe) chun dul isteach san Aontas, idirthuras a dhéanamh tríd nó fanacht go neamhdhleathach ann. Meastar gur imthoisc ghéaraitheach é ionstraimiú imirceach, rud a d'fhéadfadh leibhéal na bpionós a mhéadú. Aithnítear go sainráite i gCód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe go bhféadfadh cásanna ina ndéantar imircigh a ionstraimiú údar a thabhairt le dúnadh sealadach pointí trasnaithe teorann ag na teorainneacha seachtracha lena mbaineann. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanann líon mór imirceach iarracht a dteorainneacha seachtracha a thrasnú ar bhealach neamhúdaraithe, *en masse* agus forneart á úsáid, na bearta is gá a dhéanamh chun an tslándáil, an dlí agus an t-ord a chaomhnú. Leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure*([8]),

([6]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le '*Plean gníomhaíochta athnuaite an Aontais i gcoinne smugláil imirceach (2021-2025)*, 29.9.2021, COM(2021) 591 final.
([7]) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha íosta maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanacht neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Threoir 2002/90/CE ón gComhairle agus Chinneadh Réime 2002/946 CGB ón gComhairle, COM/2023/755 final.
([8]) Rialachán (AE) 2024/1359 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar aghaidh ar chásanna géarchéime agus force majeure i réimse na himirce agus an tearmainn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147, PE/19/2024/REV/1, IO L, 2024/1359, 22.5.2024.

ceadaítear do na Ballstáit maolú ar rialacha nós imeachta áirithe de dhlí tearmainn an Aontais, chun déileáil le cásanna ionstraimithe ([9]).

Tá an Coimisiún ag obair anois leis na Ballstáit chun na rialacha atá sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure*. Tacaíonn sé leis na Ballstáit a bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme a ullmhú, a bheidh le cur isteach faoin 12 Nollaig 2024. Ní mór foráil a dhéanamh sna pleananna cur chun feidhme sin maidir le bearta iomchuí sa tslí go mbeidh na Ballstáit ullmhaithe freisin chun dul i ngleic le saincheist an ionstraimithe mar a leagtar amach sa Rialachán lena dtugtar aghaidh ar chásanna géarchéime agus *force majeure* agus d'fhéadfaí iad a chomhlánú le hionstraimí eile lena gcuirtear cásanna eisceachtúla ag teorainneacha seachtracha an Aontais san áireamh, mar a shonraítear sa Teachtaireacht seo, chun slándáil an Aontais agus sláine chríochach na mBallstát a ráthú.

Ina theannta sin, leanann an Coimisiún de bheith ag obair i roinnt réimsí chun cur le hathléimneacht agus acmhainneacht fhoriomlán an Aontais freagairt do chineálacha éagsúla bagairtí hibrideacha. Sa chomhthéacs sin, tá rialacha nua molta aige chun go mbeidh an tAontas in ann bearta a ghlacadh i gcoinne oibreoirí iompair (oibreoirí aeir, mara, uiscebhealaí intíre, iarnróid agus bóthair) a éascaíonn nó a ghlacann páirt i ngáinneáil ar dhaoine nó i smuigleáil imirceach. Áitíonn an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle dul chun cinn gasta a dhéanamh maidir leis an togra seo. Chun aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar úsáid modhanna iompair tráchtála ag smuigléirí, lena n-áirítear chun imircigh a ionstraimiú, ghlac an Coimisiún Bosca Uirlisí maidir le hoibreoirí iompair in 2023, agus tá sé á chur chun feidhme aige, chun feasacht staide agus malartú faisnéise a neartú, idir na Ballstáit agus Gníomhaireachtaí an Aontais araon, agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, páirtithe leasmhara tionscail, údaráis náisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Tá rún daingean ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar ghné ar líne an ionstraimithe chun cur i gcoinne scaipeadh ábhair dhíobhálaigh agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a dhéanann deighilt ar ár sochaithe agus a mbíonn radacú agus foréigean mar thoradh air. Déanfaidh sé amhlaidh trí reachtaíocht nua a chur chun feidhme amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus trí dhul i mbun comhair le tionscal na teicneolaíochta. Tá an tAontas ag tabhairt faoi raon leathan gníomhaíochtaí ar fud réimsí beartais (lena n-áirítear dúshláin a bhaineann le bonneagar criticiúil agus cibearshlándáil) chun bagairtí hibrideacha a chomhrac agus tá bosca uirlisí i leith bagairtí hibrideacha i bhfeidhm aige ó bhí 2022 ann mar chuid de Chompás Straitéiseach an Aontais le haghaidh Slándáil agus Cosaint níos Láidre san Aontas ([10]).

Tá tacaíocht oibríochtúil á cur ar fáil ag Gníomhaireachtaí an Aontais faoi láthair i réigiúin teorann talún oirthearacha an Aontais agus tá siad réidh chun dlús a chur leis an tacaíocht sin chun cabhrú leis na Ballstáit bagairtí slándála a chomhrac ag ár dteorainneacha seachtracha. Is féidir le Frontex tacaíocht a thabhairt trí Oibríochtaí Comhpháirteacha, Mear-Idirghabhálacha Teorann agus trí mhalartú faisnéise, tacaíocht theicniúil, fothú acmhainneachta agus oiliúint a

([9]) Mar shampla, trí fhad na nósanna imeachta teorann a mhéadú agus a raon feidhme a leathnú chun gach iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a chumhdach, agus trí shíneadh a chur leis na teorainneacha ama chun iarratais ar thearmann a chlárú.
([10]) https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2022/03/21/a-strategic-compass-for-a-stronger-eu-security-and-defence-in-the-next-decade/.

éascú, chomh maith le hoifigigh idirchaidrimh a imscaradh. Is féidir aoi-oifigigh Europol a imscaradh freisin chun cabhrú le seiceálacha slándála tánaisteacha. Tá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ar fáil chun tacaíocht ó shaineolaithe teicniúla a chur ar fáil arna iarraidh sin do na Ballstáit, chun seirbhísí glactha agus tearmainn a neartú de réir mar is gá. Tá Eurojust réidh chun tacú le himscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla agus le comhfhoirne imscrúdúcháin faoi stiúir ionchúisitheoirí chuig na Ballstáit lena mbaineann. Ina theannta sin, is uirlis éifeachtach é an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a úsáideadh cheana in 2021 chun tacú leis an Liotuáin nuair a bhí uirthi aghaidh a thabhairt ar ionstraimiú imirceach agus is uirlis í ar féidir le gach Ballstáit lena mbaineann úsáid a bhaint aisti chun ullmhú do bhagairtí a eascraíonn as an imirce a úsáid mar uirlis troda ar mhaithe le tacaíocht éifeachtach a thabhairt, lena n-áirítear do dhaoine atá i ngátar.

Mhéadaigh an Coimisiún an tacaíocht airgeadais freisin. In 2021, thionscain an Coimisiún idirphlé leis an Laitvia, leis an Liotuáin agus leis an bPolainn chun tacaíocht airgeadais a sholáthar dóibh le haghaidh bainistiú teorainneacha, sa bhreis ar na méideanna a leithdháileadh cheana féin trí chláir náisiúnta faoin Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Beartas Víosaí (IBTV) don tréimhse 2021-2027 (EUR 360 milliún) ([11]). Ó shin i leith, sheol an Coimisiún gníomhaíochtaí sonracha eile faoin tSaoráid Théamach IBTV chun cur le cumais faireachais teorann na mBallstát agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua ag teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear glao ar EUR 150 milliún chun tacú leis na tíortha atá i gcomharsanacht na Bealarúise agus na Rúise aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála nua.

Chomh maith leis an méid thuas, tá creat le haghaidh bearta sriantacha bunaithe ag an gComhairle freisin mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise thar lear ([12]). Leis an gcreat nua sin, cuirtear ar chumas an Aontais díriú ar dhaoine agus ar eintitis atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí agus do bheartais, lena n-áirítear rialtas na Rúise imircigh a ionstraimiú, a bhaineann an bonn de bhunluachanna an Aontais agus a Bhallstát agus dá slándáil, dá neamhspleáchas agus dá n-iomláine chríochach. Faoin gcreat nuabhunaithe sin, beidh na daoine a ndírítear orthu faoi réir calcadh sócmhainní agus beidh cosc ar shaoránaigh agus ar chuideachtaí an Aontais cistí a chur ar fáil dóibh. Ina theannta sin, féadfaidh daoine nádúrtha a bheith faoi réir toirmeasc taistil freisin.

## 3. An comhthéacs dlí

Faoi Chód Teorainneacha Schengen, ceanglaítear ar na Ballstáit teorainn sheachtrach an Aontais a chosaint. Tá sé d'oibleagáid orthu sláine limistéar Schengen a chaomhnú trí thrasnuithe teorann neamhúdaraithe a chosc, coiriúlacht trasteorann a chomhrac agus bearta a dhéanamh i gcoinne daoine a thrasnaigh an teorainn go neamhdhleathach ([13]). Is ag na Ballstáit

([11]) Deonaíodh tacaíocht bhreise, dar luach EUR 200 milliún san iomlán, in 2022 trí ghníomhaíocht shonrach faoi Shaoráid Théamach IBTV (agus Cúnamh éigeandála (EMAS) don Liotuáin).
([12]) Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise, ST/8744/2024/INIT, IO L 2024/2642, 9.10.2024.
([13]) Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú) IO L 77, 23/3/2016, lgh. 1–52.

atá an ceart, ar bhonn prionsabail, rialú a dhéanamh ar dhul isteach, ar chónaí agus ar aistriú eachtrannach ([14]).

An tráth céanna, agus teorainneacha seachtracha an Aontais á mbainistiú acu, ní mór do na Ballstáit cearta bunúsacha agus prionsabal an *non-refoulement* a urramú. Bunaítear an prionsabal sin i gCoinbhinsiún 1951 i dtaobh Stádas Dídeanaithe agus i bPrótacal 1967 a ghabhann leis ('Coinbhinsiún na Ginéive'), sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus i gCód Teorainneacha Schengen. Is cuid de dhlí an ghnáis é atá ceangailteach ar gach Stát, agus tá sé cumhdaithe i sraith comhaontuithe idirnáisiúnta, amhail an Coinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta ([15]) agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla ([16]). Le prionsabal an *non-refoulement*, tugtar cosaint do dhaoine a bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh fíorbhaol ann go ndéanfaí céastóireacht nó íde nó pionós mídhaonna nó táireach orthu gan an chosaint sin.

Foráiltear go sainráite i gCoinbhinsiún na Ginéive maidir le heisceacht ar phrionsabal an *non-refoulement* ([17]) de réir bhrí an Choinbhinsiúin sin, ina leagtar amach cásanna eisceachtúla áirithe nach féidir feidhm a bheith ag an bprionsabal sin ina leith. Baineann an eisceacht le daoine a bhfuil forais réasúnta ann lena mheas ina leith gur contúirt iad do shlándáil na tíre nó gur ciontaíodh iad i gcoir fhíorthromchúiseach agus gur contúirt iad don phobal ([18]).

Tá an Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET) bunaithe ar chur i bhfeidhm iomlán cuimsitheach Choinbhinsiún na Ginéive ([19]). Sa Chairt um Chearta Bunúsacha ([20]), cumhdaítear an ceart chun tearmainn, lena gcuirtear leis na noirm a leagtar síos le gCoinbhinsiún na Ginéive ([21]) agus prionsabal an *non-refoulement* ([22]), lena gcuirtear le hAirteagal 4 den 4ú Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhisiún Eorpach um Chearta an Duine ('ECHR'), Airteagal 3 ECHR agus Airteagal 15 ECHR. Tá an stádas dlí céanna ag cearta bunúsacha sa Chairt agus atá ag na Conarthaí agus ní mór iad a urramú agus dlí an Aontais ([23]) á chur i bhfeidhm.

Faoi láthair, ag teorainn sheachtrach an Aontais leis an Rúis agus leis an mBealarúis, is léir go bhfuil ionsaí hibrideach á dhéanamh ar na Ballstáit ag Stáit naimhdeacha a bhfuil sé beartaithe acu réigiún a dhíchobhsú trí chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, agus an imirce á húsáid

([14]) Féach ECtHR, *Abdulaziz, Cabales agus Balkandali v an Ríocht Aontaithe*, 28.05.85, mír 67 agus ECtHR, an Mór-Dhlísheomra, *N.D agus N.T. v an Spáinn,* 13.2.2020, mír 167.
([15]) Airteagal 3, an Coinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach, 10.12.1984, Rún 39/46 ón gComhthionól Ginearálta.
([16]) Airteagal 7 i gcomhar le hAirteagal 2, an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, 16.12.1966, Rún 2200A (XXI) ón gComhthionól Ginearálta.
([17]) Airteagal 33(1) de Choinbhinsiún 1951 i dtaobh Stádas Dídeanaithe: '*Ní dhéanfaidh aon Stát Conarthach dídeanaí a dhíbirt nó a fhilleadh ('refouler') ar aon bhealach chuig teorainneacha críocha ina mbeadh a shaol nó a shaoirse faoi bhagairt mar gheall ar a chine, a reiligiún, a náisiúntacht, nó mar gheall ar é a bheith mar chuid de ghrúpa sóisialta nó tuairim pholaitiúil ar leith a bheith aige*'.
([18]) Airteagal 33(2) de Choinbhinsiún 1951 i dtaobh Stádas Dídeanaithe: '*Ní fhéadfaidh dídeanaí tairbhe na forála seo a éileamh, áfach, ar dídeanaí é a bhfuil forais réasúnta ann lena mheas gur contúirt é do shlándáil na tíre ina bhfuil sé, nó, tar éis dó a bheith ciontaithe le breithiúnas críochnaitheach i gcoir fíorthromchúiseach, gur contúirt é do phobal na tíre sin*'.
([19]) Airteagal 78(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
([20]) Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391–407.
([21]) Airteagal 18 den Chairt.
([22]) Airteagal 19 den Chairt.
([23]) Airteagal 6(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

mar uirlis troda ag an am céanna chun an bonn a bhaint de shlándáil an Aontais. Tá an Coimisiún tiomanta tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun cosc a chur ar an Rúis agus ar an mBealarúis a gcuspóirí a bhaint amach tríd ár bprionsabail agus ár luachanna a úsáid inár n-aghaidh. Is cás eisceachtúil an-tromchúiseach í an bhagairt leanúnach ag na teorainneacha seachtracha sin agus na héifeachtaí a bhíonn aici ar shlándáil an Aontais agus ar na Ballstáit i dtrácht. Go deimhin, tá athrú as cuimse tagtha ar thimpeallacht slándála an Aontais Eorpaigh i gcomparáid leis an tráth a achtaíodh ionstraimí ábhartha an dlí idirnáisiúnta, agus d'fhéadfadh sé gur ghá é sin a chur san áireamh agus iad á gcur i bhfeidhm.

Tá sé de fhreagracht ar gach Ballstát an tslándáil náisiúnta a ráthú, mar a aithnítear in Airteagal 4(2) CAE. Ba cheart a thuiscint gurb é atá i gceist leis sin sláine fheidhmeanna bunriachtanacha an Stáit agus leasanna bunúsacha na sochaí ([24]), coimirciú na hiomláine críochaí agus caomhnú an oird phoiblí. Aithnítear in Airteagal 72 CFAE go bhféadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit, in imthosca eisceachtúla, bearta a dhéanamh ar chúiseanna dlí agus oird phoiblí nó ar chúiseanna slándála poiblí de mhaolú ar reachtaíocht thánaisteach an Aontais mar atá deimhnithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ba cheart aon mhaolú den sórt sin a bheith eisceachtúil agus níor cheart é a chur i bhfeidhm ach amháin i gcásanna atá sainithe go soiléir ([25]).

Mar a chuir an Chomhairle Eorpach in iúl, aithníonn an Coimisiún nach mór do na Ballstáit a bheith in ann an méid is gá a dhéanamh chun iad féin a chosaint ar ionsaithe hibrideacha a dhéanann an Rúis agus an Bhealarúis, agus chun a slándáil náisiúnta, an t-ord poiblí agus a gceannasacht a choimirciú ([26]). Is faoi na Ballstáit atá sé a leasanna slándála bunúsacha a shainiú agus na bearta iomchuí a ghlacadh chun na leasanna sin a chosaint, agus a áirithiú san am céanna go bhfuil na bearta sin i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta ([27]).

Agus iad ag gníomhú i gcoinne ionsaithe hibrideacha ón Rúis agus ón mBealarúis, bíonn ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a chuireann an tslándáil náisiúnta i mbaol toisc an cineál gníomhaíochtaí atá ann agus an suntas a bhaineann leo. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit bearta a ghlacadh a bhféadfadh cur isteach tromchúiseach ar chearta bunúsacha a bheith i gceist leo, amhail an ceart chun tearmainn agus ráthaíochtaí gaolmhara, faoi réir na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 52(1) den Chairt ([28]). Go háirithe, is féidir feidhmiú chearta bunúsacha na Cairte a theorannú ([29]) má fhoráiltear dó sin leis an dlí agus a mhéid a ráthaítear bunbhrí na gceart amháin, má thugtar aird chuí ar phrionsabail na comhréireachta agus an riachtanais, agus má chomhlíonann na srianta cuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó an gá le cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint ([30]).

([24]) Cásanna Uamtha C-511/18, C-512/18 agus C-520/18 La Quadrature du Net agus Eile v Premier ministre agus Eile, ECLI:EU:C:2020:791, mír 135.
([25]) Cásanna Uamtha C- 715/17, C- 718/17 agus C- 719/17 *An Coimisiún v an Pholainn, an Coimisiún v an Ungáir agus an Coimisiún v an tSeicia*, ECLI:EU:C:2020:257, mír. 143.
([26]) Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 17.10.24, EUCO 24/25, mír. 38.
([27]) Cásanna Uamtha C- 715/17, C- 718/17 agus C- 719/17 *An Coimisiún v an Pholainn, an Coimisiún v an Ungáir agus an Coimisiún v an tSeicia*, ECLI:EU:C:2020:257, mír. 143.
([28]) Cásanna Uamtha C-511/18, C-512/18 agus C-520/18 *La Quadrature du Net agus Eile v Premier ministre agus Eile*, ECLI:EU:C:2020:791, mír 136.
([29]) Cé is moite de na cearta sin de chineál neamh-mhaolaithe, lena n-áirítear prionsabal an *non-refoulement*.
([30]) Airteagal 52(1) den Chairt.

Bhí ar an Aontas Eorpach aghaidh a thabhairt cheana féin ar chás ina raibh gá leis an teorannú ar chearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha ón Rúis. I mí an Mhárta 2022, chuir an tAontas toirmeasc sealadach ar oibreoirí áirithe de chuid na Rúise atá faoi rialú an stáit craoladh ar chríoch an Aontais mar gheall ar bholscaireacht agus bréagaisnéis atá dírithe ar an tsochaí shibhialta san Aontas ([31]). Bhí baol tromchúiseach don ord phoiblí agus don tslándáil i gceist leis an mbagairt. Cé go raibh tionchar ag an gcinneadh ar an gceart bunúsach chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, chomh maith leis an tsaoirse chun gnó a dhéanamh, sheas an Chúirt Ghinearálta lena dlíthiúlacht, ós rud é gur chomhlíon sí na ceanglais a leagtar síos sa Chairt ([32]), agus le haidhm an bhirt, is é sin luachanna an Aontais a chosaint, go háirithe an tslándáil agus an t-ord poiblí, tugadh údar leis an teorannú sin ([33]). D’ainneoin na ndifríochtaí follasacha idir an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun tearmainn, tugann an fasach seo treoir ábhartha maidir leis na coinníollacha dleathacha chun cearta na Cairte a shrianadh.

D’aithin an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (‘ECtHR’) freisin go mbíonn tionchar ag cásanna eisceachtúla áirithe ar léirmhíniú na gceart faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Go háirithe, chinn sé gur féidir a mheas maidir le hiompar imirceach a úsáideann forneart i ngrúpaí móra chun ruathar a thabhairt faoi fhál teorann ([34]) nó a bhraitheann ar ghrúpa mór daoine chun dul trasna an teorainn go neamhdhleathach ([35]), agus gan úsáid a bhaint as nósanna imeachta oifigiúla um iontráil, is rud é sin a fhéadfaidh údar a thabhairt le gníomhaíocht Stáit nach measfaí a bheith ag sárú an toirmisc ar ionnarbadh comhchoiteann.

**<u>4. Comhar leis an Aontas agus le Ballstáit eile</u>**

Aithníonn an Coimisiún, i bhfianaise na mbagairtí hibrideacha a bhaineann le Stáit naimhdeacha, lena gcuirtear slándáil agus iomláine chríochach na mBallstát i mbaol, agus i bhfianaise chaomhnú an oird phoiblí, go bhféadfaidh na Ballstáit bearta eisceachtúla a ghlacadh chun iad féin a chosaint ar bhagairtí seachtracha.

Le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus, sa chomhthéacs seo, leis an naimhdeas ginearálta atá á léiriú ag an Rúis, in éineacht le comhpháirteachas na Bealarúise, i leith an Aontais Eorpaigh, cruthaíodh éagobhsaíocht don Aontas. Ar cheann de na comharthaí is tromchúisí de sin tá an imirce a bheith á húsáid mar uirlis troda trína dhéanamh níos éasca d’imircigh teacht chomh fada le teorainneacha talún oirthearacha an Aontais agus iad a spreagadh chuige sin ionas go gcuirfear brú ar na Ballstáit agus ar an Aontas.

I bhfianaise na staide sin, ní mór do na Ballstáit atá thíos leis a bheith in ann iad féin a chosaint, a n-iomláine chríochach a áirithiú, an t-ord poiblí a chaomhnú agus a slándáil náisiúnta a choimirciú, mar a aithnítear in Airteagal 4(2) CAE agus in Airteagal 72 CFAE, mar aon le slándáil an Aontais ina iomláine. An tráth céanna, lena gcuid gníomhaíochtaí, tagann an Rúis agus an Bhealarúis i dtír ar dhaoine, a bhfuil cuid acu i staid leochaileach, agus ní mór a gcearta

([31]) Cinneadh (CBES) 2022/351 ón gComhairle an 1 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, IO L 65, 2.3.2022, lgh. 5–7.
([32]) T-125/22, *RT France v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, ECLI:EU:T:2022:483, mír 145.
([33]) T-125/22, *RT France v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, ECLI:EU:T:2022:483, mír 202.
([34]) ECtHR, Mór-Dhlísheomra, *N.D agus N.T. v an Spáinn*, 13.2.2020, mír 231.
([35]) ECtHR, *A.A. agus Eile v an Mhacadóin Thuaidh*, 5.4.2022, mír 123.

bunúsacha, a ndínit agus a riachtanais speisialta a chaomhnú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

Gníomhaíochtaí a dhéanann na Ballstáit chun an tslándáil náisiúnta a chaomhnú i gcomhréir leis na Conarthaí, ní mór na bearta sin teorainneacha agus coinníollacha dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Tugtar treoir úsáideach i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis na coinníollacha agus na teorainneacha nach mór a chur san áireamh.

Ní mór aon bheart a bheith **comhréireach** agus oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt na Rúise agus na Bealarúise, agus ní mór é a **bheith teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach** ([36]). Ní mór do na Ballstáit míniú a thabhairt ar an ngá atá le haon bheart a bhfuil sé mar chuspóir aige an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus údar cuí a thabhairt ina leith, i gcomhréir leis na Conarthaí ([37]). Ní leor cosaint leasanna a agairt, cé go bhfuil sé bunúsach, chun an réasúnaíocht is gá a chomhlíonadh ([38]). Leis an ngá atá le hoiriúnacht agus riachtanas na mbeart a mhaíomh, ceanglaítear ar na Ballstáit freisin a mhíniú cén fáth nach bhfuil na forálacha solúbthachta atá ar fáil cheana faoin *acquis* oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca ar leith ([39]).

Ina theannta sin, ní mór gur de chineál **sealadach** iad na bearta a bhféadfadh teorannú ar chearta bunúsacha áirithe a bheith mar thoradh orthu. Tá sé tábhachtach go mbeadh teorainn ama leis na bearta agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a urramaítear nó nach n-urramaítear bunbhrí an chirt atá i gceist ([40]), ós rud é nach mór bearta eisceachtúla a spriocdhíriú, a chur in oiriúint do na himthosca sonracha agus a theorannú do thréimhse a bhfuil gá leis agus don tréimhse sin amháin.

Molann an Coimisiún do na Ballstáit na leasanna uile atá i gceist a mheas go cúramach agus leas a bhaint as na féidearthachtaí uile a thugtar le dlíchóras an Aontais agus bearta eisceachtúla á ndéanamh acu chun dul i ngleic le hionsaithe hibrideacha mar a thugtar tuairisc orthu sa Teachtaireacht seo. Ós rud é go gcosnaíonn na bearta sin an teorainn sheachtrach choiteann, chomh maith le slándáil inmheánach agus sheachtrach an Aontais féin, agus i bhfianaise phrionsabal an chomhair dhílis ([41]), iarrtar ar na Ballstáit comhoibriú go dlúth leis an Aontas agus le Ballstáit eile. Tá an Coimisiún réidh chun a ról institiúideach a chomhlíonadh agus chun cosaint leas ginearálta an Aontais a áirithiú. Tá gá le comhordú i measc na mBallstát comharsanach chun comhsheasmhacht agus éifeachtacht aon ghníomhaíochta a chinntiú.

Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go rachadh na Ballstáit i gcomhairle leis an gCoimisiún agus go gcuirfidís na Ballstáit eile ar an eolas faoi bhearta eisceachtúla a bhfuil sé beartaithe acu a dhéanamh chun dul i ngleic leis na hionsaithe hibrideacha a dhéanann an Rúis agus an Bhealarúis. Bheadh sé tábhachtach do na Ballstáit eolas a thabhairt faoi na bearta atá le

([36]) Cásanna Uamtha C-511/18, C-512/18 agus C-520/18 *La Quadrature du Net agus Eile v Premier ministre agus Eile*, ECLI:EU:C:2020:791, mír 147; Cás C-808/18 *An Coimisiún v an Ungáir*, ECLI:EU:C:2020:1029, míreanna 216 agus 261; Cásanna Uamtha C- 715/17, C- 718/17 agus C- 719/17 *an Coimisiún v an Pholainn, an Coimisiún v an Ungáir agus an Coimisiún v an tSeicia*, ECLI:EU:C:2020:257, mír. 152.

([37]) C-72/22 PPU *M.A*, ECLI:EU:C:2022:505, mír 70; Cás C-808/18 *an Coimisiún v an Ungáir*, ECLI:EU:C:2020:1029, mír 214.

([38]) Cásanna Uamtha C- 715/17, C- 718/17 agus C- 719/17 *An Coimisiún v an Pholainn, an Coimisiún v an Ungáir agus an Coimisiún v an tSeicia*, ECLI:EU:C:2020:257, mír. 145.

([39]) Cás C-808/18 *an Coimisiún v an Ungáir*, ECLI:EU:C:2020:1029, míreanna 217 go 218.

([40]) T-125/22, *RT France v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, ECLI:EU:T:2022:483, mír 154.

([41]) Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

déanamh, faoi fhad agus raon feidhme na mbeart sin, faoin mbunús dlí agus faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu na prionsabail agus na teorainneacha a eascraíonn as dlí an Aontais agus as an dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear i ndáil le cearta bunúsacha.

Tá an Coimisiún réidh le dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus bearta eisceachtúla den sórt sin á nglacadh acu chun cuidiú ó thaobh a áirithiú go gcuirfear na breithnithe ábhartha uile san áireamh. Seasfaidh an Coimisiún i gcónaí leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí Aontas sábháilte slán ina bhfuil limistéar Schengen lánfheidhmiúil a áirithiú, ar mhaithe le saoránaigh uile an Aontais agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha. Ní cheadóidh an tAontas d’aon Stát naimhdeach mí-úsáid a bhaint as luachanna Eorpacha.